‘A Star is Byrne’

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi chlár nua TG4. Féach ar an tuairisc cúpla uair agus pléigh féin agus an duine in aice leat na ráitis seo. Ansin abair an bhfuil siad fíor nó bréagach.

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. Tá sé dhá bhliain ó fuair Mary Byrne an chéad áit ar *Nollaig No.1*	
2. Is moltóir í Mary Byrne ar an chlár *X Factor*	
3. Is clár staire é ‘A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne’	
4. Is as Baile Átha Cliath do Mary agus tá sí ag obair le *Dunnes Stores*	
5. Ba é an chéad taifead a rinne sí ná ‘Siúil Leat’ – leagan dátheangach den amhrán ‘You’ll never walk alone’	
6. Ocht gclár a bhí sa tsraith *Nollaig No.1*	
7. Beidh go leor ábhar nach bhfacthas riamh faoi Mary Byrne ar an gclár seo	
8. Craolfar an clár ar an deichiú lá de mhí na Nollag	

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc arís. Bhí an leagan Gaeilge de na frásaí seo le cloisteáil inti. An féidir leat iad a aimsiú?

1. competitors
2. music programme
3. documentary
4. people recognize her
5. she recorded
6. bilingual
7. audition
8. courage

Ceist 3 '…*clár ceoil / clár faisnéise* …'

(a) Cuir na focail seo le chéile, ach bí cúramach! Seans go mbeidh ort an dara focal a athrú.

clár (teilifís): _____
clár (greann): _____
clár (cócaireacht): _____
clár (dúlra): _____
clár (díospóireacht): _____
clár (caint): _____

(b) Déan plé leis an duine in aice leat ar na cineálacha clár a thaitníonn leat, agus cén fáth a dtaitníonn siad leat.

Ceist 4 '…*Ise*…'

(a) Cad is brí leis an fhocal *i gcló iodálach*? Cén téarma gramadaí atá ar an fhoirm seo?
(b) Aimsigh an fhoirm chéanna anois de na forainmneacha seo:

mé	_____
tú	_____
sé / é	_____
sí / í	*sise* / *ise*
muid	_____
sibh	_____
siad / iad	_____

(c) Cuir an dá fhoirm de na forainmneacha in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 5 Déan do mhachnamh anois ar an cheoltóir nó ar an aisteoir is fearr leat. Breac síos deich bpointe faoin duine sin a bheadh mar chuid de chlár faisnéise a dhéanfá air nó uirthi. Pléigh do chuid pointí leis an duine in aice leat.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. Tá sé dhá bhliain ó fuair Mary Byrne an chéad áit ar *Nollaig No.1*	*Fíor*
2. Is moltóir í Mary Byrne ar an chlár *X Factor*	*Bréagach*
3. Is clár staire é 'A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne'	*Bréagach*
4. Is as Baile Átha Cliath do Mary agus tá sí ag obair le *Dunnes Stores*	*Bréagach*
5. Ba é an chéad taifead a rinne sí ná 'Siúil Leat' – leagan dátheangach den amhrán 'You'll never walk alone'	*Fíor*
6. Ocht gclár a bhí sa tsraith *Nollaig No.1*	*Fíor*
7. Beidh go leor ábhar nach bhfacthas riamh faoi Mary Byrne ar an gclár seo	*Fíor*
8. Craolfar an clár ar an deichiú lá de mhí na Nollag	*Bréagach*

Ceist 2

1. competitors – *iomaitheoirí*
2. music programme – *clár ceoil*
3. documentary – *clár faisnéise*
4. people recognize her – *aithníonn daoine í*
5. she recorded – *thaifead sí*
6. bilingual – *dátheangach*
7. audition – *éisteacht*
8. courage – *misneach*

Ceist 3

(a)

clár (teilifís): *clár teilifíse*
clár (greann): *clár grinn*
clár (cócaireacht): *clár cócaireachta*
clár (dúlra): *clár dúlra*
clár (díospóireacht): *clár díospóireachta*
clár (caint): *clár cainte*

(b) Tabhair deis do na foghlaimeoirí píosa cainte a dhéanamh ar na cineálacha clár a thaitníonn leo.

Ceist 4
(a) Ise = í + béim. Is í an fhoirm threise den fhorainm atá i gceist.
(b) / (c)

mé	*mise*
tú	*tusa*
sé / é	*seisean / eisean*
sí / í	*sise / ise*
muid	*sinne / muidne*
sibh	*sibhse*
siad / iad	*siadsan / iadsan*

Ceist 5
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Dhá bhliain ó shin fuair Mary Byrne, an bhean as Baile Átha Cliath atá ar dhuine de na hiomaitheoirí sa gclár *X Factor*, an chéad áit ar an gclár ceoil *Nollaig No.1* ar TG4. Tá an stáisiún anois le clár faisnéise speisialta 'A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne' a chraoladh an mhí seo chugainn agus ar an gclár beidh ábhair nach bhfacthas riamh cheana.

Eibhlín Ní Choistealbha

Mary Byrne, bean as Baile Átha Cliath a bhfuil glór breá láidir aici. Aithníonn an-chuid daoine í anois ón gclár *X Factor* ach bhain Mary, oibrí Tesco as Baile Formaid, cáil amach roimhe seo nuair a bhuaigh sí an chéad áit ar an gclár ceoil *Nollaig No.1* ar TG4, dhá mhíle is a hocht.

'Chuir tú do chroí agus d'anam isteach sa gcur i láthair sin.'

Mar thoradh, thaifead sí a céad singil 'Siúil leat' – leagan dátheangach[i] den amhrán 'You'll never walk alone'. Anois tá TG4 le clár faisnéise 'A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne' a chraoladh, clár a bheas faoi na himeachtaí a bhain di go dtí gur bhuaigh sí babhta ceannais *Nollaig No.1*.

Máire Ní Chonláin, Eagarthóir Coimisiúnaithe

Ocht gclár ar fad a bhí sa tsraith[ii] ina raibh sí ann, sa bhliain 2008. Tá go leor píosaí breise nach bhfacthas riamh cheana. Ise, fiú amháin, ag teacht isteach don chéad uair riamh, í chomh imníoch, chomh faiteach, ag teacht isteach an doras don chéad éisteacht a rinne[iii] sí riamh cheana. Feicfidh tú an dul chun cinn a rinne sí, feicfidh tú na hamhráin agus feicfidh tú an misneach a thug an tsraith seo di.

Eibhlín Ní Choistealbha

Beidh agallaimh le moltóirí *Nollaig No.1*, le clann agus le cairde Mary ar 'A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne' a chraolfar ar TG4, ar an naoú lá de mhí na Nollag. Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

[i] *leagan dhátheangach* a deirtear
[ii] *an sraith* a deirtear
[iii] *a ndearna sí* a deirtear